

# Cosaint Sonraí agus Breatimeacht – Ceisteanna Coitianta



An Coimisiún um  
Chosaint Sonraí  
Data Protection  
Commission

Tá caighdeáin an-ard ag tíortha san AE maidir le cosaint sonraí, go háirithe faoi fhorálacha an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Níl cead ag rialaitheoirí sonraí (iad siúd a socraíonn conas agus cén fáth go bpróseáiltear sonraí pearsanta) atá lonnaithe san AE sonraí pearsanta a aistriú lasmuigh den AE/LEE mura gcoinnítear na caighdeáin sin.

D'fhéadfadh go mbeidh tionchar tromchúiseach ag an Breatimeacht, go háirithe i gcás Breatimeacht 'Gan Mhargadh', ar na hoibleagáidí cosanta sonraí atá ag rialaitheoirí Éireannaigh a aistríonn sonraí pearsanta go dtí an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann san áireamh); mar, i gcás go ndéanfar 'tríú tír' den RA, measfar gur aistrithe lasmuigh den AE/LLE a bheidh i gceist le haistrithe go dtí an RA agus beidh gá le córas chun cinntiú go mbeidh leibhéal shásúil cosanta sonraí ann.

## **Cén cásanna ina bhféadfaidh Breatimeacht dul i dtionchar ar eagraíocht?**

Tá go leor bealaí ina bhféadfaidh eagraíochtaí bheith ag aistriú sonraí pearsanta go dtí an RA, mar shampla, mar chuid d'idirbhearta ríomhthráchtála, socruithe le heagraíochtaí comhpháirtithe, agus seirbhísí tacaíochta ar nós soláthar bogearraí nó néal-óstála. Spreagaimid eagraíochtaí le smaoineamh ar na ceisteanna ar an liosta thíos (nach bhfuil uileghabhálach) chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht ar a shocruithe próiseála:

- An bhfuil do fheidhm AD, TF, nó párolla curtha amach ar conradh chuig eagraíocht lonnaithe san RA?
- An bhfuil tú ag stóráil sonraí san RA ar fhreastalaí nó sa néal?
- An bhfuil tú ag úsáid bogearraí a bhfuil soláthraithe ag comhlacht lonnaithe san RA (ar nós ríomhphost, CMS, nó bunachair sonraí), lena bhfuil seans gur ghá sonraí pearsanta a aistriú go dtí freastalaí san RA?
- An bhfuil tú ag úsáid comhlacht margaiochta lonnaithe san RA chun cumarsáid margaiochta a sheoladh chuig do bhunachair sonraí custaiméirí?
- An bhfuil tú ag úsáid comhlacht lonnaithe san RA chun anailís a dhéanamh ar shonraí na gcuairteoirí chun do shuíomh gréasáin?
- An bhfuil tú ag úsáid seirbhísí aistriúcháin/tras-scríofa ó chomhlacht lonnaithe san RA, lena bhféadfá sonraí pearsanta de chuid fostaithe, custaiméirí, nó soláthraithe a sheoladh?
- An bhfuil do sholáthraí sláinte cheirde lonnaithe san RA?

- An bhfuil do scéim pinsin lonnaithe san RA?

## **Cad a tharlóidh má chuirtear síneadh ama le spriocdháta an Breatimeachta?**

D'fhág an RA an Aontas Eorpach go hoifigiúil ar an 31 Eanáir 2020, ach thosaigh sí ar 'idirthréimhse' Breatimeachta. Ar feadh na tréimhse seo, a bhfuiltear ag súil faoi láthair go mairfidh sí go dtí deireadh mhí na Nollag 2020, tá an GDPR fós i bhfeidhm san RA, agus mar sin níl aon athrú fós leis na socruithe le sonraí pearsanta a aistriú go dtí nó ón RA. Beidh rialaitheoirí in ann leanúint ar aghaidh le sonraí pearsanta a aistriú go dtí an RA mar a dhéanann siad faoi láthair, go dtí deireadh na hidirthréimhse agus/nó go dtí go dtiocfar ar chomhréiteach nua maidir le cosaint sonraí.

Cé go bhfuil idirthréimhse ann, molaimid do rialaitheoirí a socruithe a phleanáil chun sonraí a aistriú sa chás go dtarlaíonn socrú trí idirbheartaíocht nó Breatimeacht 'gan mhargadh' mar gheall ar tuilleadh idirbheartaíochta, agus go dtarlaíonn athrú le cosaint sonraí san RA agus lena caidreamh le dlí an AE maidir le cosaint sonraí.

## **Cad a tharlóidh má dhéantar socrú trí idirbheartaíocht?**

Má dhéantar socrú trí idirbheartaíocht chun an caidreamh idir an RA agus an AE a rialú ag deireadh na hidirthréimhse, braithfidh na héifeachtaí beachta a bheidh i gceist ar aistrithe sonraí ar an gcineál socrú atá ann. De réir mar a théann an cheist, déanfaimid ár ndícheall ár dtreoir a nuashonrú ar an mbonn sin.

## **Cad a tharlóidh má bhíonn Breatimeacht 'Gan Mhargadh'?**

I gcás Breatimeacht 'Gan Mhargadh', tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse gan aon socruithe chun leibhéil shásúla cosanta sonraí a chinntiú agus, mar sin de, caithfear leis an RA gur aon 'tríú tír' eile í gan cinneadh leordhóthanachta.

I gcás mar sin, beidh ar rialaitheoir atá lonnaithe in Éirinn agus a bhfuil rún aige sonraí pearsanta a aistriú go dtí an RA úsáid a bhaint as córas a thugann cosaintí faoi leith chun leibhéal shásúil cosaint a chinntiú do na sonraí sin. Is féidir é seo a dhéanamh i roinnt bealaí éagsúla, ag brath ar na cúinsí ina n-aistrefar na sonraí, agus pléifear é seo go mion thíos.

## **Cad iad na córais a ligfidh le sonraí pearsanta a aistriú go dtí an RA má dhéantar ‘tríú tír’ di?**

Leagann an GDPR amach roinnt córais chun cosaint sásúil a chinntiú ar shonraí pearsanta a n-aistrítear lasmuigh den AE/LEE go dtí ‘tríú tíortha’. Leagtar amach thíos na córais is cuí i gcomhthéacs an Breatimeachta.

### ***Cinneadh Leordhóthanachta***

Tá ‘cinneadh leordhóthanachta’, mar a thugtar air, faighte ag ‘tríú tíortha’ áirithe, ar nós an tSeapáin, Iosrael, nó an Nua-Shéalainn, ón Coimisiún Eorpach. Ceadáíonn sé seo aistriú trasteorann sonraí pearsanta ón AE go dtí an tír sin, mar deimhníodh go bhfuil leibhéal sásúil cosaint sonraí aici i gcomparáid leis an AE. Is córas an-úsáideach é seo do rialaitheoirí, mar cheadáíonn sé aistrithe go dtí an ‘tríú tír’ ar éigean gur ballstát den AE faoi réir an GDPR í.

Níl aon cinneadh leordhóthanachta ann faoi láthair maidir leis an RA, ach d’fhéadfaí cinneadh leordhóthanachta a dhéanamh sa todhchaí, má fhaigheann Coimisiún an AE go bhfuil leibhéal dhóthanach cosaint ann. Ní bheadh an próiseas seo uathoibríoch, áfach, agus, má chuirtear é i gcomparáid le cinntí leordhóthanachta roimhe sin, d’fhéadfaí go dtógfadh sé roinnt míonna nó blianta chun é a thabhairt chun críche.

Tá seans ann, sa chás go ndéanfar socrú don Breatimeacht trí idirbheartaíocht le hidirthréimhse de chineál éigin, go ndéanfaidh idirthréimhse (ina fhanann an RA san AE nó ar bhealach éigin go hiomlán faoi réir an GDPR) roinnt ama a thabhairt don Choimisiún Eorpach obair ar chinneadh leordhóthanachta. Mar sin féin, ní dócha é go mbeadh an córas seo ar fáil do rialaitheoirí sa ghearrthréimhse.

## ***Clásail Conarthacha Caighdeánacha***

Is iad 'Clásail Conarthacha Caighdeánacha' córas choitianta amháin chun cosaint sonraí pearsanta a chinntiú nuair a aistrítear lasmuigh den AE iad. Is dócha go mbainfidh sé seo le formhór na rialaitheoirí atá lonnaithe in Éirinn agus a aistríonn sonraí pearsanta go dtí an RA. Is féidir tuilleadh sonraí ar Chlásail Conarthacha Caighdeánacha a fháil inár dtreoir maidir le [hAistrithe Sonraí Pearsanta ó Éirinn chuig an Ríocht Aontaithe i gCás Breatimeacht 'Gan Mhargadh'](#).

Sna Clásail Conarthacha Caighdeánacha tá sraitheanna (gnáthsraitheanna nó sraitheanna teimpléad) téarmaí agus coinníollacha. Cuireann an rialaitheoir, atá lonnaithe in Éirinn, agus an faighteoir atá lonnaithe san RA agus a bhíonn ag feidhmiú mar phróiseálaí sonraí go minic, a n-ainmneacha leis na clásail. Is é an tuairim bunúsach ná go dtugann an dá pháirtí leis an comhaontú tiomantais a bhfuil ceangal conartha acu chun sonraí pearsanta a chosaint i gcomhthéacs an aistrithe. Go tábhachtach, tugtar cearta áirithe faoi leith don ábhar sonraí faoi na Clásail Conarthacha Caighdeánacha, cé nach bhfuil sé/sí páirteach sa chonradh ábhartha. Spreagtar rialaitheoirí agus próiseálaithe chun cosaintí breise a chur ar fáil trí ghealltanais chonarthacha a chuireann le Clásail Conarthacha Caighdeánacha.

Is féidir glacadh leis na Clásail Conarthacha Caighdeánacha trí conradh neamhspleách nó conradh nua a chur i bhfeidhm idir an rialaitheoirí atá lonnaithe in Éirinn agus an faighteoir atá lonnaithe san RA. Chomh maith leis na Clásail Conarthacha Caighdeánacha a leagan amach, d'fhéadfaidh go gcuirtear clásail tráchtála sa chonradh chomh maith, ar choinníoll nach ndéanann na clásail eile sin cur isteach ar fheidhmiú na gClásal Conarthacha Caighdeánacha nó cearta ábhar sonraí a laghdú. Sa chás go bhfuil conradh i bhfeidhm cheana féin idir an rialaitheoir atá lonnaithe in Éirinn agus an próiseálaí atá lonnaithe san RA, mar is gá faoi réir Airteagal 28(3) den GDPR, d'fhéadfaidís na Clásail Conarthacha Caighdeánacha a chuimsiú mar chuid den chonradh sin. Arís, is féidir é seo a dhéanamh ar choinníoll nach ndéanann téarmaí an chonartha cur isteach ar na Clásail Conarthacha Caighdeánacha nó cearta an ábhair sonraí a laghdú.

Go dtí seo, d'eisigh an Coimisiún Eorpach trí shraith de Chlásail Conarthacha Caighdeánacha, agus d'fhéadfadh rialaitheoirí cuimhneamh orthu siúd mar chóras chun sonraí pearsanta a aistriú go dtí an RA tar éis an Breatimeacht. Tá dhá shraith beartaithe le haghaidh aistrithe sonraí ó rialaitheoirí san AE go dtí rialaitheoirí lasmuigh den AE (Sraith I Cinneadh 2001/497/CE agus Sraith II Cinneadh 2004/915/CE) agus tá sraith amháin beartaithe le haghaidh aistrithe sonraí ó rialaitheoirí san AE go dtí próiseálaithe lasmuigh den AE (Sraith III Cinneadh 2010/87/AE).

## **Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha (BCRanna)**

D'fhéadfadh grúpaí ilnáisiúnta gnóthas nó grúpa fiontar comhghníomhaíocht gheilleagrach brath ar Rialacha Corparáideacha Ceangailteacha (BCRanna) mar chóras. Is éard atá i gceist le BCRanna ná cód iompair inmheánach ina cheangal dlí ag oibriú laistigh de ghrúpa ilnáisiúnta, a bhfuil feidhm aige ar aistrithe sonraí pearsanta ó ghrúpaonáin LEE go dtí grúpaonáin lasmuigh den LEE.

Tá dhá chineál BCRanna a d'fhéadfaí ceadú: BCRanna do rialaitheoirí, a úsáideann an grúpaonán chun aistriú a dhéanamh le sonraí a bhfuil sé freagrach astu, ar nós sonraí fostaí nó sonraí soláthraí; agus BCRanna do próiseálaithe, a úsáideann aonáin a bhfuil ag feidhmiú mar phróiseálaithe do rialaitheoirí eile agus a chuirtear de ghnáth mar aguisín leis an Comhaontú Seirbhíse nó conradh an phróiseálaithe sonraí. Caithfidh go n-áirítear i BCRanna gach prionsabal riachtanach agus ceart riachtanach chun cosaintí cuí a chinntiú le haghaidh aistrithe sonraí pearsanta.

Is éard atá i gceist le BCRanna ná rialacha cosanta sonraí ina cheangal dlí le cearta infheidhmithe ábhar sonraí iontu, a cheadaíonn an t-údarás inniúil maoirseachta, mar shampla, an Coimisiún um Chosaint Sonraí (“an Coimisiún”). Le haghaidh BCRanna nua, ní bheidh rialaitheoirí brath orthu chun sonraí pearsanta a aistriú go dtí aonán san RA go dtí go faomhann an t-údarás maoirseachta agus an Bord um Chosaint Sonraí Eorpacha (BCSE). Sa chás gur faomhadh na BCRanna roimh an GDPR, ach go ndearna iad a nuashonrú de bharr an GDPR agus go fógraíodh é chuig an t-údarás maoirseachta, níl gá le faomhadh nua fhoirmiúil.

## **Cén áit is féidir liom tuilleadh ábhar treoracha maidir le Breatimeacht?**

Molaimid do rialaitheoirí féachaint ar ár dtreoir eile maidir le Breatimeacht agus aistrithe idirnáisiúnta de shonraí pearsanta, is é sin [‘Aistrithe Sonraí Pearsanta ó Éirinn Chuig an Ríocht Aontaithe i gCás Breatimeacht ‘Gan Mhargadh’](#) agus [‘Aistriú Sonraí Pearsanta Chuig Tríú Tíortha nó le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta’](#).

Ba cheart do rialaitheoirí féachaint ar an [suíomh gréasáin a bhaineann le hOifig an Coimisinéara Faisnéise san RA \(ICO\)](#) chun treoir a fháil maidir le conas cloí le rialacha cosanta sonraí an RA tar éis Breatimeacht, go háirithe an treoir maidir le [‘Data Protection and Brexit’](#) (‘Cosaint Sonraí agus Breatimeacht’). Chuir Rialtas na hÉireann roinnt acmhainní ar fáil chomh maith, ar a leathanach gréasáin [‘Ag ullmhú do Brexit’](#).